# An Ról
# Feidhmeannach Margaíochta (gteic)
# (Ardoifigeach Feidhmiúchán)

gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltacha

Tá ríthábhacht straitéiseach leis an ngréasán gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta - agus aithnítear forbairt an ghréasáin ar cheann de thionscadail bharrthosaíochta Údarás na Gaeltachta. Is é an fhís bhunúsach atá ag an Údarás ná go mbeidh pobail Ghaeltachta inbhuanaithe á gcothú le gach gné den saol, atá fréamhaithe sna mórthéamaí fócais: 'Cumasú, Neartú, Inbhuanaitheacht'. Soláthraíonn na láithreacha gteic agus an t-éiceachóras a ghabhann leis deiseanna ollmhóra i gcomhthéacs na fostaíochta réigiúnaí sna ceantair Ghaeltachta, i ndáil le féidearthachtaí cianoibre, comhoibre agus na hoibre hibridí.

Lena chois sin, tá sé mar aidhm aige tacú le cruthú fostaíochta, cothú nuálaíochta agus soláthar oiliúna in earnálacha amhail an teicneolaíocht, an earnáil dhigiteach agus na tionscail chruthaitheacha. Cuireann an gréasán seirbhísí riachtanacha ar fáil, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais, spásanna comhoibre, agus deiseanna gréasánaithe, oiliúna agus comhfhoghlama. Sa chomhthéacs seo, tacaíonn sé le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus le neartú pobail agus teanga sna ceantair Ghaeltachta. Beidh ról lárnach pleanála agus straitéiseach ag an bhFeidhmeannach Margaíochta (Gréasán gteic), i comhar leis an gCeannasaí Mol Digiteach, tairbhí agus infheictheacht a ndeiseanna uathúla sin a chraobhscaoileadh agus eolas an phobail a threisiú ina leith.

Is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

Tá an post lonnaithe in Oifig de chuid Údarás na Gaeltachta.

Tá Polasaí Obair Chumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta, tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat Polasaí Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022.  Beidh deis iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc tar éis tréimhse promhaidh an phoist a bheith curtha i gcrích.

## Sonraíocht Imlíneach an Phoist

| Sonraí | Cur Síos |
|---|---|
| Aidhm an róil | Beidh ról lárnach pleanála agus straitéiseach ag an bhFeidhmeannach Margaíochta (Gréasán gteic) i dtaca le fairsingiú ar eolas an phobail a chinntiú i dtaca leis an ngréasán gteic, mar aon le feasacht agus infheictheacht sheirbhísí an ghréasáin a threisiú - trí chomhairle ghairmiúil, anailís agus pleanáil, bainistiú tionscadal, agus trí fheachtais agus imeachtaí ábhartha a stiúradh agus a chomheagrú. |
| Príomhdhualgais an Róil | **<u>Straitéisí Margaíochta a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm:</u>**<br>• Ceannaireacht a thabhairt ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm Phlean Margaíochta an ghréasáin gteic, mar aon le láithreacht dhigiteach an ghréasáin a neartú<br>• Straitéisí margaíochta nuálacha a cheapadh chun príomhspriocanna an ghréasáin agus na heagraíochta a bhaint amach, lena n-áirítear rátaí áitíochta sna moil a mhéadú, réimse úsáide a leathnú, agus gníomhaíochtaí fiontraíocha a chumasú<br>**<u>Seirbhísí agus Táirgí na Mol gteic a Chur Chun Cinn:</u>**<br>• Margaíocht a dhéanamh ar na seirbhísí agus buntáistí a chuireann na moil gteic ar fáil d'úsáideoirí féideartha, le béim ar chomhlachtaí, FBManna agus spriocúsáideoirí eile a mhealladh<br>• Tionscnaimh a thiomáint agus a stiúradh chun feasacht a ardú ar an réimse éagsúil seirbhísí agus táirgí a chuireann na moil gteic ar fáil, ag freastal ar riachtanais chliaint fiontraíochta agus úsáideoirí aonair araon.<br>**<u>Tacaíocht do Mhoil gteic Aonair:</u>**<br>• Tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do mhoil aonair chun tionchar a gcuid margaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear treoir ar straitéisí, brandáil agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn.<br>• Comhoibriú go dlúth le bainisteoirí gteic chun a gcuid riachtanais agus a ndúshláin uathúla a thuiscint, agus réitigh a thairiscint chun iarrachtaí margaíochta a bharrfheabhsú agus torthaí dearfacha a réadú.<br>**<u>Bainistíocht Branda gteic agus Comhsheasmhacht:</u>**<br>• Cuma agus láithreacht an bhranda reatha a chothabháil agus a threisiú maidir le hábhar agus bealaí margaíochta an ghréasáin gteic uile, ag cinntiú comhsheasmhachta agus ailínithe le luachanna agus cuspóirí na heagraíochta.<br>• Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt ábhar cruthaitheach, lena n-áirítear grafaicí, ábhar agus teachtaireachtaí, chun tairbhí an ghréasáin gteic a chur in iúl go héifeachtach agus aithint branda a chur chun cinn agus a láidriú.<br>**<u>Forbairt ar Chomhpháirtíochtaí agus Comhoibriú:</u>**<br>• Comhpháirtíochtaí láidre a chothú le páirtithe leasmhara in earnáil na mol digiteach, na comhoibre, na fiontraíochta agus na hoiliúna, lena n-áirítear moil, líonraí mol agus údaráis áitiúla, chun iarrachtaí margaíochta a mhéadú trí thionscadail chomhoibríocha, m.sh. *Connected Hubs* agus *Grow Remote*<br>• Oibriú go dlúth le comhpháirtithe chun leas a bhaint as a líonraí agus a n-acmhainní siúd, ag éascú feachtais agus tionscnamh margaíochta comhpháirteacha ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.<br>**<u>Soláthróirí Margaíochta a aimsiú:</u>**<br>• Soláthróirí agus díoltóirí margaíochta féideartha a aithint agus a mheas, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fógraíochta, gnólachtaí dearaidh, cuideachtaí priontála agus saineolaithe margaíochta digití. |

| | |
|---|---|
| | • Measúnuithe cuimsitheacha a dhéanamh ar chumais soláthróirí, ar struchtúir praghsála agus ar thairiscintí seirbhíse, ag cinntiú go mbeidh ailíniú le cuspóirí agus le srianta buiséid an Mhoil Dhigitigh gteic.<br>**<u>Bainistíocht Caidrimh le Soláthróirí:</u>**<br>• Caidrimh láidre a bhunú agus a chothabháil le soláthróirí margaíochta roghnaithe, ag feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála agus ag cinntiú cumarsáid shoiléir agus ionchais shainithe.<br>• Soláthróirí a aimsiú de réir threoirlínte soláthair an Rialtais, ag sainmhíniú seachadtaí, amlínte agus méadrachtaí feidhmíochta chun cur i gcrích rathúil tionscadal margaíochta a chinntiú.<br>• Feidhmíocht soláthróirí agus cloí le hoibleagáidí conarthacha a mhonatóiriú, agus dul i ngleic go pras le haon saincheisteanna chun caighdeáin cháilíochta agus amlínte tionscadail a chothabháil.<br>**<u>Anailís Feidhmíochta agus Barrfheabhsú:</u>**<br>• Monatóireacht, breithniú agus anailísiú ar thionscnaimh mhargaíochta, ag úsáid sonraí agus méadrachtaí chun feidhmíocht i gcoinne KPIanna agus cuspóirí bunaithe a thomhas.<br>• Straitéisí margaíochta a bharrfheabhsú go leanúnach bunaithe ar léargais a fhaightear, ag aithint réimsí feabhsúcháin agus ag cur leasuithe i bhfeidhm chun tionchar agus toradh ar infheistíocht a uasmhéadú.<br>**<u>Feasacht ar Threochtaí Tionscail:</u>**<br>• Coinneáil ar an eolas faoi threochtaí tionscail, dea-chleachtais agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na margaíochta agus na brandála.<br>• Deiseanna don nuálaíocht agus don idirdhealú a lorg go réamhghníomhach, ag coinneáil an gréasán gteic ar thús cadhnaíochta na sármhaitheasa margaíochta, a bhealach a bheidh i dtiún leis na forbairtí is cothroime le dáta.<br>**<u>Seachadadh Imeachtaí:</u>**<br>• Ceannaireacht a thabhairt ar eagrú imeachtaí, chomhdhálacha agus chruinnithe mullaigh eile, lena n-áirítear pleanáil ionaid, forbairt clár oibre, comhordú cainteoirí agus rannpháirtíocht freastail.<br>• Soláthróirí agus soláthraithe seirbhíse imeachtaí a fháil, conarthaí a chaibidliú agus a chinntiú go gcuirtear lóistíocht agus oibríochtaí imeachtaí i gcrích gan dua.<br>• Aon dualgais eile a chuirtear leis an bpost, de réir riachtanais na heagraíochta, ó am go ham. |

## Próifíl Imlíneach Iarrthóra

### Cáilíochtaí Acadúla & Gairmiúla

- Oideachas go dtí leibhéal cuí d'Ardoifigeach Feidhmiúchain in eagraíocht Stáit
- Cáilíocht chéime (Leibhéal 8 NFQ ar a laghad) i réimse ábhartha ar nós Gnó, Margaíocht, Cumarsáid nó na hEolaíochtaí Sóisialta.
- Taithí ghairmiúil ábhartha 3 bliana ar a laghad

## Cúlra Ginearálta

Ní mór buanna pearsanta agus saineolas den scoth a bheith ag iarrthóirí. Éilíonn an chreidiúint agus an aibíocht is gá chun déileáil le pobail agus gnóthaí seachtracha, le bainistíocht an Údaráis agus leis an bhfoireann, go mbeidh go leor bainte amach ag iarrthóirí sa réimse margaíochta agus cumarsáide nó sa tseirbhís phoiblí:

### Tréithe Pearsanta, Eolas, Scileanna agus Taithí

**Tréithe Pearsanta**

- Dúthracht agus tiomantas don tseirbhís phoiblí
- Iontaoibh agus ionracas
- Dearcthaí dearfach i leith an athraithe, na fiontraíochta agus na nuálaíochta
- Cumas oibre faoi bhrú agus spriocanna teanna a bhaint amach
- Solúbthacht agus an inniúlacht déileáil le dálaí éagsúla athraitheacha
- Meon straitéiseach féinspreagtha agus fáis
- Meon fiontraíoch treallúsach
- Díograis don fhoghlaim leanúnach agus féinstiúrtha

**Eolas**

- Fios ar an ngréasan gteic agus ar fhreagrachtaí agus ar mhisean Údarás na Gaeltachta
- Feasacht ar an gcomhthéacs reachtach agus rialála
- Tuiscint ar phrionsabail na margaíochta agus na cumarsáide, agus ar ról na réimsí sin san obair
- Eolas ar chórais TFC, ar O365 agus ar bhogearraí ábhartha margaíochta.
- Eolas ar thacaíocht agus forbairt gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna, lena n-áirítear eolas ar mhaoiniú agus ar thacaíochtaí forbartha.

**Taithí**

- Taithí oibre san earnáil phoiblí nó i dtimpeallacht fheidhmiúcháin
- Taithí ar ullmhú tuairiscí agus ar cheapadh beartas
- Taithí ar thionscadail a thionscnamh, a stiúradh agus a thabhairt chun críche
- Taithí ar chomhpháirtíochaí ábhartha a chruthú, a chothú agus a neartú
- Taithí chruthaithe ar obair i dtimpeallacht fhoirne dhinimiciúil chun cuspóirí straitéiseacha ardphróifíle a bhaint amach
- Taithí ar uirlisí margaíochta, agus anailíse na margaíochta digití, mar aon le barrfheabhsú ar fheachtais mhargaíocht
- Taithí phraiticiúil ar fhoirne agus ar phobail chianda agus comhoibre
- Taithí ar uirlisí comhoibrithe agus fíorúla ar líne, a éascaíonn an chumarsáid ilpháirtí nuair a bhíonn foirne scaipthe go tíreolaíoch
- Taithí ar obair le córais bainistíochta agus bunachair sonraí

Beidh taithí sna réimsí thíos riachtanach chun dul chun cinn sa ról agus cuspóirí na Rannóige a bhaint amach:

- Inniúlacht láidir sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, idir scríofa agus labhartha
- Scileanna cumarsáide den scoth agus cumas láidir idirphearsanta
- Scileanna láidre eagrúcháin agus taithí chruthanta sa bhainistíocht tionscadal
- Fís straitéiseach agus cumas pleanála fadtréimhseach
- Cumas ceannaireachta agus spreagtha foirne
- Cumas láidir anailíse agus fadhbréitigh
- Ar a laghad 3 bliana taithí chruthaithe i gceannaireacht agus i bhforbairt gréasán, gnólachtaí agus pobail
- Cumas cruthaithe chun grúpaí páirtithe leasmhara ilghnéitheacha a threorú agus torthaí a bhaint amach trí rannpháirtíocht ilpháirtí
- Scileanna idirphearsanta, cumarsáide agus gréasánaithe den scoth, le cumas daoine eile a spreagadh chun comhoibriú agus nuálaíocht a ghiniúint chun cuspóirí straitéiseacha ardphróifíle a bhaint amach
- Taithí phraiticiúil chruthaithe i gcumarsáid, margaíocht agus bainistíocht imeachtaí; láidir i gcaidreamh poiblí agus i gcruthú ábhar digiteach.
- Scileanna den scoth i dteicneolaíocht na faisnéise, sna meáin dhigiteacha, i gcur i láthair, i ngnó agus i dtuairisciú.
- Ceadúnas iomlán agus glan tiomána

